Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16234/25**

**LIMITE**

**EF 395**
**ECOFIN 1661**
**AG 191**
**BETREG 48**
**IA 216**
**ANTICI 204**
***ECB***
***EIB***

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Iarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an Aontais<br>– Nóta saincheisteanna ón Uachtaránacht |

I bhfianaise na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 12 Nollaig 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta saincheisteanna ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

Nóta saincheisteanna do ECOFIN an 12 Nollaig 2025

# Iarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an Aontais

5 Nollaig 2025

PUBLIC

Mar a cuireadh in iúl i dTuarascáil Draghi ó 2024, is féidir le hualaí iomarcacha rialála agus riaracháin iomaíochas na hEorpa a lagú, tá an 'stoc' rialála mór, tá 'sreabhadh' na rialála nua san Aontas ag fás níos tapúla ná mar atá i ngeilleagair inchomparáide eile, agus is beag tionchar a bhí ag iarrachtaí an stoc agus an sreabhadh a laghdú go dtí seo.

I mí Dheireadh Fómhair, d'iarr an Chomhairle Eorpach sna conclúidí uaithi go ndéanfaí iarrachtaí ar gach leibhéal 'go laghdófaí go mór, mar ábhar práinne, na hualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe atá ar ghnólachtaí, FBManna san áireamh, agus ar riaracháin phoiblí', d'áitigh sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí 'ró-rialáil agus tabhairt isteach ualaí nua riaracháin a sheachaint, go háirithe i gcás FBManna, ar gach leibhéal ar fud na bpróiseas reachtach agus cur chun feidhme', agus d'iarr sí 'nach gcaillfí guaim i gcúrsaí reachtacha agus rialála'.

Laghdaíonn pacáistí omnibus an Choimisiúin na hualaí a eascraíonn as stoc rialála an Aontais. Mar sin féin, gan uirlisí faireacháin cuí, tá baol suntasach ann nach leor na hiarrachtaí sin le haghaidh na n-ualaí a eascraíonn as sreabhadh na rialála nua.

**Faireachán ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le sreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas**
Níl forléargas bunúsach fiú ag lucht ceaptha beartas na hEorpa ar na costais agus na tairbhí carnacha a eascraíonn as sreabhadh seasta na reachtaíochta nua san Aontas. Tá forléargas curtha i dtoll a chéile ag Uachtaránacht na Danmhairge ar na costais agus na tairbhí a bhaineann leis na tograí uile atá faoi chaibidil faoi láthair ar fud fhoirmíochtaí uile na Comhairle i gcás ghnólachtaí agus údaráis phoiblí na hEorpa. Léirítear san fhorléargas go gcuirfidh na tograí sin, má ghlactar iad, — sa bhreis ar chostais shuntasacha aonuaire — costais riaracháin athfhillteacha nua dar luach EUR 1.4-1.5 billiún agus costais choigeartúcháin athfhillteacha dar luach thart ar EUR 11.9-19.6 billiún ar ghnólachtaí Eorpacha. Léirítear ann freisin go gcuirfidh na tograí sin thart ar EUR 119-140 milliún leis na costais riaracháin athfhillteacha agus EUR 2.1-9.2 billiún leis na costais choigeartúcháin athfhillteacha ar údaráis phoiblí. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara go bhféadfaí gannmheas a dhéanamh ar na costais iomlána toisc nach mbíonn na meastacháin ach páirteach uaireanta.

**Na chéad chéimeanna eile**
Phléigh an Chomhairle (COMPET) an forléargas ar chostais agus ar thairbhí do ghnólachtaí an 8 Nollaig. Glacfaidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta conclúidí ón gComhairle maidir le Simpliú agus Rialáil Níos Fearr an 16 Nollaig.

Leagfar síos an méid seo a leanas sna conclúidí ón gComhairle:

- uair amháin in aghaidh an tseimeastair, tugann an Uachtaránacht (le cúnamh ó rúnaíocht na Comhairle agus í ag tabhairt faoin cuid cúraimí) forléargas nuashonraithe ar na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, rialála agus eile chomh maith leis na costais riaracháin agus choigeartúcháin do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí ó thograí atá faoi chaibidil faoi láthair.
- pléann an Chomhairle, ina foirmíochtaí ECOFIN agus COMPET, na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus rialála agus na costais chomhiomlána riaracháin agus choigeartúcháin do ghnólachtaí, do shaoránaigh agus do riaracháin phoiblí, ar leibhéal an Aontais freisin, ó reachtaíocht an Aontais atá beartaithe bunaithe ar an bhforléargas sin, gan dochar d'inniúlachtaí fhoirmíochtaí eile na Comhairle.
- Cuirfidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an plé sin san áireamh, go háirithe sa phlé a bheidh aici maidir le simpliú agus maidir le clársceidealú reachtach.

**Saincheisteanna atá le plé**

- *An bhfuil na costais fhoriomlána comhréireach leis na tairbhí? An féidir na glantairbhí a fheabhsú?*
- *An dtacaíonn na costais agus tairbhí foriomlána leis an aidhm iomaíochas agus acmhainneacht fáis gheilleagair na hEorpa a mhéadú?*
- *Gan dochar d'inniúlachtaí fhoirmíochtaí eile na Comhairle, an bhfuil barúlacha ag na hairí maidir le hiarmhairtí eacnamaíocha na reachtaíochta atá beartaithe sa tábla forléargais?*

PUBLIC